

CEARTÚCHÁN

MIONTUAIRISC CHEARTAITHEACH

**maidir le Conradh Liospóin ag leasú an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ag bunú
an Chomhpobail Eorpaigh, arna shíniú i Liospóin an 13 Nollaig 2007**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh C 306 an 17 Nollaig 2007)

Rinneadh an ceartúchán seo le miontuairisc cheartaitheach a síniódh sa Róimh an 23 Márta 2010 arb é Rialtas Phoblacht na hÍodáile a taiscí.

1. Leasuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach agus ar an gConradh ag bunú an Chomhpobail Eorpaigh

(a) Leathanach 28, Airteagal 1, pointe 33(a)

In ionad:

‘(a) i mír 1, cuirtear “Féadfaidh aon Bhallstát, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, nó an tArdionadaí le tacáiocht ón gCoimisiún, aon cheist a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála a chur os comhair na Comhairle ...” a chur in ionad “Féadfaidh aon Bhallstát nó an Coimisiún aon cheist a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála a chur os comhair na Comhairle...” agus cuirtear “...tionscnaimh nó tograí mar is iomchuí a thíolacadh di.” in ionad “... tograí a thíolacadh di.”;

Léitear:

‘(a) i mír 1, cuirtear “Féadfaidh aon Bhallstát, Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála, nó an tArdionadaí le tacáiocht ón gCoimisiún, aon cheist a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála a chur os comhair na Comhairle ...” in ionad “Féadfaidh aon Bhallstát nó an Coimisiún aon cheist a thig faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála a chur os comhair na Comhairle...” agus cuirtear “...féadfaidh aon Bhallstát nó an tArdionadaí tionscnaimh nó tograí, faoi seach, a thíolacadh di.” in ionad “... tograí a thíolacadh di.”;

(b) Leathanach 31, Airteagal 1, pointe 39, mír (c)

In ionad:

‘(c) cuirtear an mhír nua seo a leanas leis an Airteagal:

“Rannchuideoidh siad leis an gceart a chur chun feidhme atá ag saoránaigh an Aontais chun cosaint a fháil ar chríoch tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 17b(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 20 den Chonradh sin.”’

Léitear:

‘(c) cuirtear an mhír nua seo a leanas leis an Airteagal:

“Rannchuideoidh siad leis an gceart a chur chun feidhme atá ag saoránaigh an Aontais chun cosaint a fháil ar chríoch tríú tíortha dá dtagraítear in Airteagal 17b(2)(c) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis na bearta arna nglacadh de bhun Airteagal 20 den Chonradh sin a chur chun feidhme.”’

(c) Leathanach 63, Airteagal 2, pointe 67

In ionad:

‘67) Cuirtear Airteagal 61g in ionad Airteagal 66, mar a shonraítear thusa i bpointe 64 agus aisghairtear Airteagail 67 go 69. Cuirtear isteach an Chaibidil 4 agus na hAirteagail 69 go 69e seo a leanas. Cuirtear Airteagail 69a, 69b agus 69d in ionad Airteagal 31 den Chonradh ar an Aontas Eorpach mar atá, mar a shonraítear thusa i bpointe 51 d'Airteagal 1 den Chonradh seo.’

Léitear:

- '67) Cuirtear Airteagal 61g in ionad Airteagal 66, mar a shonraítear thusas i bpointe 64 agus aisghairtear Airteagail 67 go 69. Cuirtear isteach an Chaibidil 4 agus na hAirteagail 69a go 69e seo a leanas. Cuirtear Airteagail 69a, 69b agus 69d in ionad Airteagal 31 den Chonradh ar an Aontas Eorpach mar atá, mar a shonraítear thusas i bpointe 51 d'Airteagal 1 den Chonradh seo.'

- (d) Leathanach 95, Airteagal 2, pointe 168, i dtéacs Airteagal 188j nua

In ionad:

'4. Féadfaidh an tAontas aon chomhaontú a chuideoidh le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1 agus in Airteagal 10a den Chonradh ar an Aontas Eorpacha thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus leis na heagraiochtaí idirnáisiúnta inniuilá.'

Léitear:

'4. Féadfaidh an tAontas aon chomhaontú a chuideoidh le gnóthú na gcuspóirí dá dtagraítear i mír 1 agus in Airteagal 10a den Chonradh ar an Aontas Eorpach a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus leis na heagraiochtaí idirnáisiúnta inniuilá.'

2. Prótacail a chuirfear i gceangal le Conradh Liospóin

Prótacal Uimh. 1

Leathanach 180, Airteagal 1, pointe 14 (lena leasaítear an Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí na gComhphobal Eorpach)

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (f):

'(f a) in Airteagal 20, a athuimhrítear mar Airteagal 19, cuirtear "le hUachtaráin na Comhairle Eorpaí" in ionad "le comhaltaí an Choimisiúin", agus cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

"Bainfidh siad le comhaltaí an Choimisiúin freisin.",'

3. Ionstraim Chríochnaitheach na Comhdhála Idir Rialtasáí

Leathanach 266, Sa Dearbhú maidir le hAirteagal 10 den Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseachá

In ionad:

'50. Dearbhú maidir le hAirteagal 10 den Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseachá

Iarrann an Chomhdháil ar Pharlaímint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún féachaint, faoi chuimsiú a bhfeidhmeanna faoi seach, leis na gníomhartha dlíthiúla lena leasófar na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseachá nó na gníomhartha dlíthiúla a ghabhfaidh a n ionad a ghlacadh sna cásanna iomchuí a mhéad is féidir laistigh den tréimhse 5 bliana dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Phrótacal sin.'

Léitear:

'50. Dearbhú maidir le hAirteagal 10 den Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseachá

Iarrann an Chomhdháil ar Pharlaímint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún féachaint, faoi chuimsiú a bhfeidhmeanna faoi seach, leis na gníomhartha dlí lena leasófar na gníomhartha dá dtagraítear in Airteagal 10(1) den Phrótacal maidir le forálacha idirthréimhseachá nó na gníomhartha dlí a ghabhfaidh a n ionad a ghlacadh sna cásanna iomchuí a mhéad is féidir laistigh den tréimhse 5 bliana dá dtagraítear in Airteagal 10(3) den Phrótacal sin.'